# An creat inniúlachta

## Ár n-eagraíocht a neartú

Is é an cuspóir atá againn feidhmiú mar eagraíocht eiseamláireach earnála poiblí, atá ábalta a sainordú a chomhlíonadh, agus a bhfuil baill foirne spreagtha aici. Is iad na daoine atá ag obair dúinn an acmhainn is luachmhaire atá againn agus braithimid ar ár scileanna agus taithí ardcháilithe agus gairmiúla chun iniúchadh poiblí a dhéanamh. Táimid ag iarraidh a chinntiú gur muide an rogha fostóra in intinn na ndaoine ar mian leo gairm sa réimse iniúchóireachta a bheith acu agus difríocht a dhéanamh i ndáil le soláthar seirbhísí poiblí.

Braitheann comhlíonadh ár misin agus comhlíonadh ár gcuspóirí ar ár gcumas foireann spreagtha, le taithí agus oilte a earcú agus a choimeád. Is mian linn nuálaíocht, solúbthacht agus comhoibriú i measc ár bhfoirne a spreagadh.

Táimid airdeallach ar an riachtanas a bhaineann le tacú le agus infheistiú i bhforbairt ár bhfoirne mar dhaoine aonair agus is mian linn a chinntiú go mbeidh tréimhse taithí oibre san Oifig sásúil ar bhonn pearsanta agus go bhfeabhsaíonn a leithéid ionchais ghairme daoine. Chomh maith leis sin, tuigimid go mbíonn eagraíochtaí láidre dea-dheartha agus dírithe ar fheidhmíocht.

## Creat inniúlachta

Sonraítear sa chreat inniúlachta na braislí iompair agus scileanna a theastaíonn ón bhfoireann chun feidhmíocht láidir ghnó a chumasú. Dírítear ar an gcumas criticiúil a dhéanann idirdhealú idir feidhmíocht oibre uasta agus a chuireann dlús le feidhmíocht ghnó do gach ról.

Go sonrach, déantar cur síos ar na nithe seo a leanas sa chreat

- na hinniúlachtaí agus na scileanna a theastaíonn le haghaidh gach róil (ó leibhéal oiliúnaí go leibhéal bainistíochta sinsearaí)
- na táscairí atá mar bhonn le feidhmíocht éifeachtach foirne chun a cuid oibre a chur i gcrích, agus a sholáthraíonn ionchais feidhmíochta soiléire agus a chumasaíonn measúnú iontaofa ar leibhéil chumais.

### An creat a úsáid

Tá an creat deartha agus le húsáid mar uirlis chun cabhrú le gach ball foirne agus bainisteoir a gcuid ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Is é an luach is fearr a bhainfidh leis an gcreat an úsáid a bhainfear as san áit oibre. Moltar don fhoireann ar fad an creat a úsáid go rialta, go háirithe mar chuid de na próisis seo a leanas:


- Measúnú feidhmíochta
- Foghlaim agus forbairt
- Forbairt ghairme – mar iarratasóir laistigh nó lasmuigh den Oifig le haghaidh aon pho(i)st ar leith.

Léirítear i gcuspóir an chreata inniúlachta na príomhréimsí feidhmíochta a mbeidh foireann na hOifige ag díriú orthu, eadhon

- neamhspleáchas agus oibiachtúlacht i ndáil le dearbhú maidir le saincheisteanna iniúchóireachta a thabhairt
- cur chuige gairmiúil agus cuiditheach le linn a bheith ag déileáil le páirtithe leasmhara, agus
- timpeallacht oibre atá dearfach a chruthú.

Tá creat inniúlachta na bpríomhghrád leagtha amach i bhfigiúr 1 mar aon leis na príomhscileanna agus príomhiompraíochtaí a theastaíonn chun feidhmíocht láidir a léiriú agus a chumasú.

Figiúr 1 – Creat inniúlachta




Tá na táscairí mionsonraí a bhaineann le feidhmíocht éifeachtach gach róil sonraithe thíos.

## Iniúchóir faoi Oiliúint - Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

| | |
|---|---|
| Anailís agus Cinnteoireacht | Faigheann léargas ar chlianteagraíochtaí agus ar a gcleachtais chuntasaíochta. |
| | Tuigeann méideanna móra sonraí casta, sainaithníonn príomhcheisteanna, aithníonn naisc agus neamhréireachtaí, agus reáchtálann anailís oiriúnach laistigh d'amfráma leithdháilte. |
| | Tuigeann impleacht phraiticiúil faisnéise i ndáil leis an gcomhthéacs níos leithne ina bhfuil sé/sí ag obair – nósanna imeachta, cuspóirí rannáin etc. |
| | Sainaithníonn agus tuigeann príomh-shaincheisteanna agus príomhthreochtaí |
| | Déanann tátail bheachta agus moltaí cothroma agus córa a bhfuil fianaise ag tacú leo |

| | |
|---|---|
| Soláthar Torthaí | Glacann freagracht as cúraimí agus meáite ar chúraimí a thabhairt chun críche ar bhealach sásúil |
| | Cur chuige loighciúil agus pragmatach, sonraíonn cuspóirí agus cinntíonn go mbaintear na torthaí is fearr agus is féidir amach trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus beartú tosaíochta éifeachtach |
| | Tugann dúshlán, ar bhealach cuiditheach, cur chuige reatha a bhfuil sé mar aidhm leo soláthar seirbhíse éifeachtach a fheabhsú |
| | Déanann meastacháin bheachta maidir le paraiméadair ama chun obair a chur i gcrích, agus pleananna chun déileáil le bacainní |
| | Íoslaghdaíonn earráidí, athbhreithníonn foghlaim agus cinntíonn go bhfuil réitigh bunaithe |
| | Uasmhéadaíonn ionchur na foirne chun soláthar éifeachtach torthaí a chinntiú |
| | Cinntíonn go bhfuil nósanna imeachta cuí le haghaidh soláthar seirbhíse bunaithe agus curtha chun feidhme |

| | |
|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | Cuireann an cur chuige cumarsáide in oiriúint chun freastal ar riachtanais staide/spriocphobail |
| | Éisteann go gníomhach le tuairimí daoine eile |
| | Téann i mbun idirchaidrimh le grúpaí eile ar mhaithe le comhoibriú a chinntiú. |
| | Téann i mbun idirbheartaíochta, más gá, chun toradh sásúil a chinntiú |
| | Leagann béim leanúnach ar dhéileáil le páirtithe leasmhara ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus measúil |
| | Treallúsach agus gairmiúil nuair a bhítear ag déileáil le ceisteanna dúshlánacha |
| | Labhraíonn agus scríobhann go soiléir agus go sothuigthe |

| | |
|---|---|
| Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt | Léiríonn ardleibhéil scileanna/ saineolais ina réimse féin agus soláthraíonn treoir do chomhghleacaithe |
| | Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna agus conas a thacaítear leis an tseirbhís atá á soláthar ag an bhfoireann agus Oifig, agus an cumas é seo a chur in iúl don fhoireann |
| | Tugann dea-shampla agus léargas ar an tábhacht a bhaineann le ham a chur i leataobh le haghaidh tionscnamh forbartha duit féin agus don fhoireann |

| | |
|---|---|
| Treallúsach agus Tiomanta do Sheirbhís Phoiblí agus Luachanna Gairmiúla | Tiomanta don ról, iarracht a dhéanamh i gcónaí obair a chur i gcrích ag leibhéal ard |
| | Tá sé/sí in ann a bheith solúbtha agus toilteanach athruithe a dhéanamh |
| | Acmhainneach agus dírithe ar chuspóirí a chomhlíonadh ainneoin gur gá déileáil le bacainní nó céimeanna ar gcúl |
| | Cinntítear go bhfuil an tseirbhís ag croílár na hoibre a dhéanann tú féin agus an fhoireann |
| | Ionraic agus iontaofa |
| | Cuirtear an obair i gcrích ar bhealach ionraic agus spreagtar an cur chuige céanna i measc daoine eile |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht Daoine | Téitear i gcomhairle le agus spreagtar rannpháirtíocht iomlán na foirne, spreagtar plé oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre |
| | Spreagtar daoine aonair agus an fhoireann chun a ndícheall a dhéanamh, agus tacaítear le feidhmíocht éifeachtach |
| | Cinntítear go bhfuil luach ag baint le agus go dtacaítear le forbairt daoine eile agus forbairt na foirne |
| | Spreagtar agus tacaítear le bealaí nua agus níos éifeachtaí oibre |
| | Déileáiltear le teannas laistigh den fhoireann ar bhealach cuiditheach |
| | Spreagtar, tugtar cluas éisteachta do agus gníomhaítear ar aiseolas a fhaightear ón bhfoireann ar mhaithe le feabhsuithe a dhéanamh |
| | Roinntear eolas, faisnéis agus saineolas go gníomhach d’fhonn cabhrú leis an bhfoireann a cuid cuspóirí a chomhlíonadh |

## Iniúchóir - Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

| | |
|---|---|
| Anailís agus Cinnteoireacht | Tuigeann, tiomsaíonn agus déanann anailís ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha, cuireann raon fachtóirí criticiúla san áireamh agus sainaithníonn réimsí tábhachtacha |
| | Déanann anailís ar an bhfianaise a bailíodh agus déanann tátail fhónta agus láidre, agus molann réitigh chun dul i ngleic le fadhbanna |
| | Úsáideann eolas agus taithí theicniúil chun cinntí a threorú agus cuireann aon saincheisteanna níos ginearálta agus impleachtaí gaolmhara san áireamh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh. |
| | Tugann aird ar na himpleachtaí loighciúla a bhaineann le seasamh ar leith a ghlacadh maidir le saincheist |
| | Acmhainneach agus cruthaitheach, forbraíonn cuir chuige bhunaidh nuair a bhíonn fadhbanna á réiteach agus cinntí á ndéanamh |

| | |
|---|---|
| Soláthar Torthaí | Glacann le freagracht as agus tá cuntasach as obair a dhéanamh ag caighdeán ard |
| | Eagraíonn agus bainistíonn raon cúraimí agus gníomhaíochtaí oibre go héifeachtach ar bhealach córasach, tugann tús áite d'obair agus do spriocanna dúshlánacha a chomhlíonadh. |
| | Déanann meastacháin bheachta maidir le paraiméadair ama do thionscadail agus am a bhainistiú go héifeachtach, agus tá airdeallach ar bhacainní agus pleananna a dhéanamh chun déileáil lena leithéid |
| | Leagann béim ar fhreastal ar riachtanais páirtithe leasmhara i gcónaí |
| | Cinntíonn go bhfuil gach aschur ar ardchaighdeán agus curtha i gcrích ar bhealach éifeachtúil |
| | Úsáideann acmhainní ar bhealach éifeachtach, agus tugann dúshlán leanúnach próiseas chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú |

| | |
|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | Déanann cumarsáid ar bhealach líofa, loighciúil, soiléir agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn |
| | Ábalta éisteacht go héifeachtach agus plé dhá bhealach a dhéanamh go tapa |
| | Forbraíonn agus tacaíonn le caidreamh oibre éifeachtach le comhghleacaithe, cliaint agus páirtithe leasmhara eile, agus riachtanais dhlisteanacha daoine eile a chur san áireamh |
| | Caitheann le daoine eile go stuama, go cliste, le cúirtéis agus meas, fiú amháin sa chás go mbíonn dúshláin le sárú |
| | Téann i bhfeidhm ar dhaoine eile go héifeachtach agus spreagtar iad chun gnímh |

| | |
|---|---|
| Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt | Tuiscint mhaith ar an ról, na cuspóirí agus spriocanna agus an bhaint atá acu leis an obair atá á déanamh ag an bhfoireann agus ag an Oifig |
| | Sealbhaíonn eolas agus tuiscint mhaith ar ghnó clianteagraíochta agus tá in ann cuspóirí iniúchta a thuiscint agus cúraimí iniúchta a chur i gcrích atá sonraithe sa chlár iniúchta ag ardchaighdeán agus ar bhealach mionchúiseach |

| | |
|---|---|
| Forbairt | agus críochnúil. |
| | Forbraíonn saineolas gairmiúil atá riachtanach chun an ról a chur i gcrích ag ardchaighdeán agus roinneann é seo le daoine eile. |
| | Glacann le cur chuige réamhghníomhach maidir leis an eolas is déanaí faoi shaincheisteanna agus príomhfhorbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a réimse féin, ar an Oifig agus/ nó ar an tseirbhís phoiblí trí chéile |
| | Léiríonn eolas agus tuiscint mhaith ar chaighdeáin theicniúla agus treoirlínte Oifige |
| | Déanann athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht phearsanta agus sonraíonn cuspóirí agus spriocanna dúshlánacha pearsanta |

| | |
|---|---|
| Treallúsach agus Tiomanta do Sheirbhís Phoiblí agus Luachanna Gairmiúla | Déanann iarracht i gcónaí obair a chur i gcrích ag leibhéal ard |
| | Déanann iarracht chomhsheasmhach faoi bhrú agus ábalta déileáil le cáineadh nó céimeanna ar gcúl san áit oibre |
| | Léiríonn ardleibhéil tionscnaimh, glacann freagracht as tionscadail agus léiríonn neamhspleáchas |
| | Tá iontaofa agus is féidir brath air/uirthi |
| | Cuireann an saoránach ag croílár gach próiseas agus córas |
| | Tugann aird ar na caighdeáin ionracais, eitice agus sláine is airde |

| | |
|---|---|
| Cumas Ceannaire achta | Cur chuige solúbtha agus toilteanach athrú, cur ar bhealach dearfach le hathrú a chur chun feidhme |
| | Cabhraíonn le forbairt cleachtas agus/nó beartas ina réimse féin agus sna hOifigí go ginearálta |
| | Spreagann rannpháirtíocht daoine aonair agus foirne i ngnéithe oiriúnacha den obair, obair a chomhordú go héifeachtach le comhghleacaithe agus tacú le baill foirne faisnéis agus comhairle shoiléir a sholáthar |
| | Lorgaíonn agus soláthraíonn aiseolas do bhainisteoirí agus do bhaill foirne níos sóisearaí ar bhealach cuiditheach oscailte |
| | Úsáideann an caidreamh atá forbartha leis an bhfoireann bhainistíochta agus le foirne na gcomhlachtaí iniúchta chun torthaí a sholáthar |
| | Déanann iarracht teacht ar thuiscint ar na himpleachtaí a bhaineann le seasamh ar leith a ghlacadh maidir le saincheisteanna agus conas is gá díriú ar idirspleáchas ar bhealach loighciúil agus comhsheasmhach. |

## Bainisteoir Iniúchóireachta - Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

| | |
|---|---|
| Anailís agus Cinnteoireacht | Déanann taighde críochnúil ar shaincheisteanna, téann i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis ar fad a theastaíonn maidir le saincheist a bhailiú |
| | Tuigeann ceisteanna casta go tapa, go beacht, agus sonraí a chur san áireamh agus a mheas |
| | Comhtháthaíonn snáitheanna éagsúla eolais, sainaithníonn idirghaolmhaireachtaí agus naisc |
| | Déanann cinntí soiléire, tráthúla agus ciallmhara maidir le saincheisteanna tábhachtacha |
| | Breithníonn impleachtaí ginearálta cinntí |
| | Glacann seasamh cinnte maidir le saincheisteanna a mheasann sé/sí atá tábhachtach |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht agus Soláthar Torthaí | Glacann le freagracht as agus tá cuntasach as obair a dhéanamh ag caighdeán ard |
| | Pleanálann agus sonraíonn ord tosaíochta le haghaidh na hoibre bunaithe ar thábhacht, amscála agus srianta eile ar acmhainní, agus beartú tosaíochta nua a shonrú ag féachaint d'imthosca athraitheacha |
| | Cinntíonn seirbhís do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán agus éifeachtúil a bhfuil ról lárnach aici san obair atá ar bun ag an rannán |
| | Caitheann súil chriticiúil ar shaincheisteanna agus iarracht a dhéanamh bealaí a aimsiú chun rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr |
| | Toilteanach smaointe, tionscnaimh agus réitigh chruthaitheacha, nua ar fhadhbanna a chur san áireamh |
| | Cinntíonn go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta bunaithe chun seirbhísí éifeachtúla agus ardluacha a sholáthar |
| | Bainistíonn tionscadail éagsúla ar bhealach éifeachtach |

| | |
|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | Cuireann eolas i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn |
| | Spreagann plé oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre |
| | Tacaíonn le hobair foirne laistigh den rannóg, ach oibríonn go héifeachtach ar thionscadail a bhaineann leis an Oifig iomlán freisin |
| | Coinníonn guaim air/uirthi féin nuair a bhíonn obair á déanamh aige/aici ar mhaithe le tionchar a imirt ar dhaoine eile |
| | Tacaíonn le béim láidir a leagan ar sheirbhís ina réimse féin |
| | Forbraíonn agus tacaíonn le líonra teagmhálaithe chun cabhrú le fadhbréiteach nó roinnt faisnéise |
| | Oibríonn go héifeachtach le raon páirtithe leasmhara. |

| | |
|---|---|
| Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt | Tuiscint shoiléir ar róil, cuspóirí agus spriocanna pearsanta agus na foirne agus an bhaint atá acu leis an obair atá á déanamh ag an rannán agus ag an Oifig |
| | Eolas leathan agus domhain ar an Oifig agus ar shaincheisteanna iniúchta/cuntasachta |
| | Glacann páirtithe leasmhara leis gur saineolaí é/í. |
| | Dírithe ar fhéinfhorbairt, lorgaíonn aiseolas agus deiseanna a bheidh mar bhonn le fás a chabhróidh le riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| Treallúsach agus Tiomanta do Sheirbhís Phoiblí agus Luachanna Gairmiúla | Féinspreagtha agus fonn a bheith ag feidhmiú ag ardleibhéal i gcónaí |
| | Ionraic agus macánta ar bhonn pearsanta agus is féidir brath air/uirthi |
| | Cinntítear go bhfuil an saoránach ag croílár na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil |
| | Trí dhea-shampla a thabhairt, tacaíonn sé/sí leis na caighdeáin eitice agus sláine is airde |

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | Cabhraíonn ar bhealach gníomhach le forbairt straitéisí agus beartas na hOifige |
| | Leagann béim ar agus léiríonn dúthracht i ndáil le hardleibhéil feidhmíochta a bhunú, agus déileáil le haon saincheisteanna feidhmíochta a thagann chun cinn |
| | Stiúrann agus baineann lántairbhe as rannpháirtíocht na foirne trí chéile |
| | Breithníonn éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a c(h)omhthéacs láithreach féin |
| | Sainíonn cuspóirí/ spriocanna go soiléir agus tarmligeann a leithéid go héifeachtach, spreagann úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as cúraimí |
| | Forbraíonn cumas daoine eile trí aiseolas, oiliúint agus deiseanna a chruthú chun scileanna a fhorbairt |
| | Sainaithníonn agus baineann tairbhe as deiseanna chun bealaí nua agus nuálacha gnó a úsáid |

## Leas-Stiúrthóir Iniúchta - Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

| | |
|---|---|
| Breithiúnas agus Cinnteoireacht | Sainaithníonn agus díríonn ar phríomhcheisteanna nuair a bhítear ag déileáil le faisnéis/cásanna casta |
| | Bailíonn fíricí, úsáideann faisnéis ó bhéal agus uimhriúil agus déanann sé/sí a mhachnamh ar fhadhbanna go loighciúil |
| | Airdeallach ar an gcaidreamh idir saincheisteanna agus tuigeann impleachtaí ardleibhéil go tapa |
| | Sainaithníonn réitigh chomhleanúnacha ar cheisteanna casta |
| | Déanann gníomh, cinntí go tráthúil agus bíonn sé de mhisneach aige/aici cloí leo |
| | Déanann cinntí stuama agus eolasacha, agus tuigeann an tionchar agus na himpleachtaí atá ag a leithéid sin de chinntí |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht agus Soláthar Torthaí | Tionscnaíonn agus glacann le freagracht phearsanta as torthaí/seirbhísí a sholáthar ina réimse féin |
| | Cinntítear cothromaíocht idir straitéis agus sonraí oibríochtúla chun freastal ar riachtanais ghnó |
| | Bainistíonn cláir oibre agus cúraimí éagsúla agus athleithdháileann acmhainní chun athruithe a bhainistiú |
| | Baineann lántairbhe as acmhainní agus cuireann bearta feidhmíochta i gcrích chun cuspóirí a chomhlíonadh |
| | Cinntíonn go bhfuil lántairbhe á baint as TFC agus samhlacha soláthair nua |
| | Déanann athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais oibríochtúla á gcomhlíonadh |
| | Leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais a bhaineann le rialachas corparáideach a chomhlíonadh |
| | Cinntíonn go bhfuil an fhoireann dírithe ar agus go ngníomhaíonn gach duine de réir thosaíochtaí an phlean gnó, fiú amháin nuair a bhíonn brú i gceist |

| | |
|---|---|
| Caidreamh a fhorbairt agus Cumarsáid a dhéanamh | Labhraíonn agus scríobhann go soiléir, go sothuigthe agus ar bhealach a théann i bhfeidhm ar dhaoine |
| | Éisteann go gníomhach, agus déanann iarracht dearcadh agus tuairim daoine eile a thuiscint |
| | Bainistíonn agus réitíonn coinbhleachtaí / easaontais ar bhealach dearfach agus cuiditheach |
| | Téann i bhfeidhm ar dhaoine eile; leagtar béim ar chomhaontú, comhoibrítear le daoine eile chun faisnéis a aimsiú agus cuspóirí a chomhlíonadh |
| | Téann i mbun rannpháirtíochta go réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den Oifig agus ar bhealach oiriúnach le páirtithe leasmhara eile |
| | Forbraíonn líonraí gairmiúla láidre |
| | Cuireann tuairimí in iúl nuair a mheasann sé/sí gur cuí |

| | |
|---|---|
| Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt | Scileanna agus saineolas ábhartha don ról a fhorbairt agus a chothabháil agus a chinntiú go dtugann daoine atá ag obair laistigh agus lasmuigh den Oifig aitheantas dá s(h)aineolas |
| | Cinntíonn go bhfuil an t-eolas is déanaí aige/aici maidir le príomhchaighdeáin theicniúla agus ghairmiúla agus forbairtí a bhfuil tionchar acu ar an ról sin |
| | Leagann béim shuntasach ar fhéinfhorbairt, lorgaítear aiseolas agus deiseanna |
| Treallúsach agus Tiomanta do Sheirbhís Phoiblí agus Luachanna Gairmiúla | Déanann iarracht i gcónaí obair a chur i gcrích ag leibhéal ard |
| | Léiríonn tiomantas pearsanta don ról, diongbháilteacht agus seasmhacht i ndáil le cothromaíocht agus peirspictíocht a bhaineann le ceisteanna oibre |
| | Cuireann ar bhealach dearfach leis an gclár oibre corparáideach |
| | Tá iontaofa, ionraic agus measúil, comhlíonann gealltanais agus tiomantais |
| | Cinntítear go bhfuil an saoránach ag croílár na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil |
| | Acmhainneach, agus cuirtear obair i gcrích go stuama fiú nuair atá na coinníollacha dochracha nó dúshlánacha |
| | Tacaítear le cultúr a chothaíonn na caighdeáin eitice agus sláine is airde |
| Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach | Treoraítear an fhoireann, sonraítear caighdeáin arda, téitear i ngleic le haon fadhbanna feidhmíochta agus éascaítear ardfheidhmíocht |
| | Éascaítear malartú tuairimí agus cothaítear atmaisféar ina bhfáiltítear roimh chumarsáid oscailte |
| | Cabhraítear le forbairt straitéis agus bheartas na hOifige |
| | Forbraítear acmhainn agus acmhainneacht san fhoireann trí thairmligean éifeachtach |
| | Forbraítear cultúr d’fhoghlaim agus d’fhorbairt, tairgtear oiliúint agus soláthraítear aiseolas cuiditheach / tacúil |
| | Treoraítear na hullmhúcháin le haghaidh agus cur chun feidhme athraithe agus athchóirithe shuntasaigh |
| | Bítear ag súil le agus freagraítear go tapa d’fhorbairtí sa timpeallacht iniúchta/cuntasachta agus timpeallacht níos ginearálta |
| | Comhoibrítear ar bhealach oiriúnach le páirtithe leasmhara. |

**Stiúrthóir Iniúchta - Seo a leanas an méid atá i gceist le Feidhmíocht Éifeachtach:**

| | |
|---|---|
| Eiseamláir de Luachanna Seirbhíse Poiblí | Tacaítear le cuntasacht dhaonlathach |
| | Gníomhaítear go hionraic, go hoibiachtúil agus go neamhspleách an t-am ar fad |
| | Caitear go measúil le daoine eile |
| | Glactar le freagracht as gníomhaíochtaí pearsanta |
| | Cuirtear obair i gcrích go gairmiúil agus go macánta |

| | |
|---|---|
| Smaoint eoireach t Straitéis each | Cruthaítear fís don Oifig agus don earnáil agus déantar machnamh ar na ceanglais riachtanacha |
| | Déantar anailís go tapa ar shaincheisteanna casta agus bítear ag súil leis na hiarmhairtí |
| | Glactar le cur chuige córasach agus cuirtear naisc, rioscaí agus an poitéinseal a bhaineann le nuálaíocht sa timpeallacht ghinearálta san áireamh |
| | Tugtar treoir maidir le cur chun feidhme cleachtas measúnaithe riosca agus glactar páirt i bhfiontraíocht chothromaithe |
| | Misniúil nuair a bhíonn cinntí casta le déanamh |

| | |
|---|---|
| Bainistítear caidreamh: Treoraítear Daoine | Feidhmítear mar cheannaire sofheicthe agus fuinniúil a oibríonn le daoine eile |
| | Bunaítear agus tacaítear le foirne trasfheidhmiúla, lena n-áirítear páirtithe leasmhara seachtracha |
| | Déantar freagracht a tharmligean agus cinntítear go mbíonn daoine eile cuntasach |
| | Sonraítear cuspóirí dúshlánacha agus cuirtear bainistíocht feidhmíochta éifeachtach chun feidhme |
| | Cuirtear oiliúint ar agus tacaítear le daoine eile chun lántairbhe a bhaint as an obair atá á déanamh acu agus as a bhforbairt féin |

| | |
|---|---|
| Bainistítear caidreamh: Comhoibriú agus Cumarsáid Láidir | Ról iomlán agus gníomhach san fhoireann shinsearach agus obair na hOifige a fhorbairt agus a threorú |
| | Cumarsáid ghairmiúil agus inchreidte, ionchais daoine eile a bhainistiú |
| | Dul i bhfeidhm air agus tionchar a imirt ar dhaoine eile ar bhealach oilte |
| | A bheith ag súil le híogaireachtaí agus castachtaí agus freagairt dá leithéid ar bhealach eolasach agus cuiditheach |
| | Caidreamh oibre éifeachtach a bhunú agus a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara |
| | Comhoibriú, comhpháirtíochtaí agus líonraí a éascú go hinmheánach agus go seachtrach ar mhaithe le cuspóirí coiteanna a chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| Béim ar sholáthar: Ardfheidhmíocht agus Torthaí a Bhaint Amach | Glacadh le cuntasacht as gníomhaíochtaí agus cinntí pearsanta |
| | A chinntiú go mbaintear úsáid as an raon leathan disciplíní bainistíochta chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar ag amscála cuí agus de réir an bhuiséid |
| | Dúshlán próiseas a thabhairt chun cumas eagraíochtúil, freagrúlacht agus béim páirtithe leasmhara a fheabhsú |
| | Cur chun feidhme rathúil a chinntiú trí raon modhanna soláthair, lena n-áirítear úsáid a bhaint as páirtithe seachtracha |
| | Béim a leagan ar chúraimí a bhfuil tús áite á thabhairt dóibh ar mhaithe le lántairbhe a bhaint as torthaí |
| | Córas láidir aiseolais a chinntiú idir forbairt tionscnamh straitéiseach agus oibríochtaí |

| | |
|---|---|
| Béim ar sholáthar: Treallús agus Acmhainneach t | A bheith treallúsach agus ardleibhéil díograise agus fuinnimh phearsanta a léiriú |
| | Roinnt tosaíochtaí casta a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach |
| | Do thuairimí a chur in iúl go muiníneach agus go láidir |
| | Súil a choinneáil ar an méid atá ag tarlú agus straitéisí tacaíochta pearsanta a úsáid chun cabhrú leat díriú ar an obair agus déileáil le céimeanna ar gcúl |
| | A bheith dearfach agus gairmiúil nuair a bhítear ag déileáil le cásanna casta |

| | |
|---|---|
| Saineolas agus Féinfhorbairt | Eolas stuama ar shaincheisteanna gairmiúla agus teicniúla agus ar na himpleachtaí ginearálta a d'fhéadfadh a bheith acu |
| | Saineolas a nuashonrú agus a léiriú i réimsí ábhartha go leanúnach |
| | A bheith airdeallach ar an méid atá á dhéanamh agat agus deiseanna féinfhorbartha a lorg |
| | Aiseolas a lorg agus athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar iompraíochtaí |
| | A chinntiú go nglactar leat mar shaineolaí i do réimse/réimsí speisialachais féin |